# Éire a Nascadh
## Céim 1

Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme 2022



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Connecting Ireland
Rural Mobility Plan

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** 4

**Achoimre Feidhmiúcháin** 6

**Réamhrá** 8

**Cuspóirí an Phlean** 10

**An Líonra Tuaithe agus Idiruirbeach** 12

**Céim 1 Seirbhísí Nua agus Feabhsaithe Achoimre** 14

**Clúdach agus Comhtháthú** 28

**Aistriú Modha** 31

**Pátrúnacht** 32

**KM Feithicle** 41

**Sástacht na bPaisinéirí** 45

**Súil chun Cinn** 49

# Réamhrá



A mhéid a bhaineann sé le hinfheistíocht in iompar, is minic go nglacann sé fiche nó tríocha bliain, agus níos faide i gcásanna áirithe , tionscadail a sholáthar a théann chun tairbhe pobal ar an leibhéal áitiúil. Tá Plean Soghluaisteachta Tuaithe Éire a Nascadh difriúil. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'fhoilsíomar ár bplean cúig bliana chun feabhas suntasach a dhéanamh ar an iompar poiblí faoin tuath in Éirinn.

**Dúramar inár bplean:**

- Ba é ár n-uaillmhian go mbeadh rochtain ag 70% de mhuintir cheantar na tuaithe in Éirinn ar sheirbhísí iompair phoiblí lena soláthraítear trí thuras fillte ar a laghad in aghaidh an lae chuig a mbaile in aice láimhe;
- Bhainfeadh breis agus 100 sráidbhaile tuaithe tairbhe as seirbhísí iompair phoiblí rialta den chéad uair;
- Bhainfeadh breis agus 100 ceantar tuaithe tairbhe as seirbhís rialta, chuig a mbaile contae den chéad uair;
- Bheadh os cionn 60 nasc nua le cathracha réigiúnacha ó na ceantair máguaird; agus
- Bheadh cur chuige nuálach ann maidir le soghluaisteacht a fheabhsú do dhaoine i gceantair iargúlta.

I mí Aibreáin 2022, seoladh an chéad seirbhís Éire a Nascadh, 176 nua-fheabhsaithe an Chabhán – Mhuineacháin. Arna oibriú ag Nasc Áitiúil TFI an Chabháin-Mhuineacháin, sholáthair sé seirbhís níos minic ó Luan go Satharn, seirbhís rialta nua ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc, agus seirbhís níos minice d'Ospidéal Ginearálta an Chabháin.

Sna seachtainí ina dhiaidh sin ansin seol 195 feabhsaithe Chill Dhéagláin go Baile Brigín; 840 feabhsaithe agus leathnaithe Bheannchair go Tulach Mhór; an 978 feabhsaithe Bhéal an Mhuirthead go Caisleán an Bharraigh; agus 331 úrnua Bhaile Uí Bheacháin go hInis.

Bhí Éire a Nascadh faoi lánseol sé mhí ó foilsíodh an plean. Faoi dheireadh 2022, bhí 38 seirbhís nua agus athbhreithnithe curtha chun feidhme.

Agus má bhí an luas maidir le cur i bhfeidhm na seirbhísí seo ag Nasc Áitiúil TFI agus ag Bus Éireann ar fud na tíre go hiontach, bhí an freagra ón bpobal go hiontach chomh maith. Tháinig méadú 93% go 343,000 ar an bpátrúnacht ar fud cheantar na tuaithe in Éirinn ar na seirbhísí feabhsaithe i gcomparáid le 2019. Áiríodh leis sin 53,000 turas ar bhealaí úrnua, turais nárbh fhéidir a dhéanamh bliain ó shin.

Is léir go raibh ról lárnach ag Éire a Nascadh cheana féin i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na hÉireann agus gur chuir sé roghanna nua ar fáil do dhaoine chun taisteal ar bhus. Ach anois, is mian linn dul níos faide agus leas a bhaint as rath sin le 67 bealach nua feabhsaithe atá beartaithe do 2023 agus tá níos mó le teacht.

Tá an ÚNI ag leanúint lena iarrachtaí feabhas a chur ar sheirbhísí bus tuaithe trí limistéir a bhfuil seirbhísí breise de dhíth iontu a shainaithint, agus táimid tiomanta do nascacht agus soghluaisteacht a fhorbairt i gceantair thuaithe trí chur i bhfeidhm céimnithe seirbhísí bus nua feabhsaithe i mbliana agus sna blianta atá le teacht.

**Anne Graham,**
**POF, an tÚdarás Náisiúnta Iompair**

# Achoimre Feidhmiúchái

Tionscnamh de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) is ea an plean soghluaisteachta tuaithe Éire a Nascadh (an Plean) chun nascacht agus soghluaisteacht i gceantair thuaithe a fheabhsú trí sheirbhísí iompair phoiblí nua feabhsaithe a fhorbairt.

Is athbhreithniú í an tuarascáil seo ar chur chun feidhme Chéim 1 den Phlean Éire a Nascadh in 2022.

Déantar achoimre sa tuarascáil seo ar chuspóirí agus ar shainmhínithe an Phlean, lena n-áirítear buaicphointí achoimre ar na seirbhísí nua agus feabhsaithe, athbhreithniú ar leibhéil pátrúnachta ar sheirbhísí Éire a Nascadh le linn 2022 agus súil chun cinn ar a bhfuil beartaithe do Chéim 2 (2023) agus céimeanna amach anseo.

I gCéim 1, tugadh isteach tríocha a hocht seirbhís nua agus feabhsaithe bus tríd an bPlean Éire a Nascadh. Cuireadh níos mó ná 110,000 ciliméadar feithicle seachtainiúil leis an líonra iompair phoiblí trí 13 sheirbhís úrnua, 16 feabhsú minicíochta agus 9 síneadh bealaigh lena n-áirítear feabhsuithe minicíochta. Mar thoradh air sin tá níos mó ná 50 lonnaíocht nua-cheangailte leis an líonra iompair phoiblí.

Taifeadadh 760,534 turas paisinéara ar bhealaí de chuid Éire a Nascadh in 2022, as ar taifeadadh 342,607 turas paisinéara ón dáta ar a ndearnadh cur chun feidhme. Tá méadú ag teacht fós ar phátrúnacht ar sheirbhísí Éire a Nascadh, méadú 112% ag deireadh 2022 i gcomparáid le tús 2019[1]. Sna háiteanna ar cuireadh seirbhísí Éire a Nascadh chun feidhme tá méadú 128% tagtha ar an bpátrúnacht ó thús 2022 go deireadh na bliana.

Bhí sástacht na bpaisinéirí ard ar bhealaí Éire a Nascadh in 2022, agus fuarthas ó thaighde margaidh go raibh 97% de na custaiméirí sásta le seirbhísí Nasc Áitiúil TFI agus fuarthas i dtaighde margaidh eile go raibh 86% de chustaiméirí iompair cóiste Bhus Éireann sásta leis an tseirbhís.

Is plean ilchéime é an clár Éire a Nascadh agus tá Céim 2 faoi bhealach in 2023. I mí Feabhra 2023, bhí sé beartaithe 67 cur chun feidhme ar a laghad a thabhairt isteach in 2023.

1 Úsáidtear 2019 mar bhonnlíne chun críocha comparáide mar gheall ar thionchar COVID 19 ar shonraí ooibríochtúla rialta in 2020 agus in 2021. perational data in 2020 and 2021.

# Réamhrá

## Forléargas ar an bplean

Is mórthionscnamh iompair phoiblí é plean soghluaisteachta tuaithe Éire a Nascadh arna fhorbairt ag ÚNI le féachaint le nascacht a mhéadú do dhaoine a chónaíonn lasmuigh dár gcathracha agus dár mbailte móra. Tá sé mar aidhm leis bPlean soghluaisteacht a fheabhsú i gceantair thuaithe, agus déanfar é sin trí naisc níos fearr a sholáthar idir sráidbhailte agus bailte chun rochtain ar sheirbhísí áitiúla a éascú chomh maith le nascacht a sholáthar do líonra réigiúnach feabhsaithe a nascann cathracha agus lárionaid réigiúnacha ar fud na tíre. Chuaigh ÚNI i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal araon maidir leis an bplean ag deireadh 2021.

Plean ilchéimeanna is ea Éire an Nascadh. Le linn 2022, soláthraíodh roinnt seirbhísí bus nua agus feabhsaithe le Céim 1 den Phlean. Cuireadh na hathbhreithnithe chun feidhme ar bhealaí agus ar sheirbhísí a fhreastalaíonn ar cheantair i roinnt contaetha.

## Paindéim Covid-19

Mar gheall ar phaindéim Covid-19 cuireadh dúshláin gan fasach roimh shochaí na hÉireann in 2020. Mar thoradh ar an mbaol don tsláinte poiblí, tugadh isteach bearta chun srian a chur le gluaiseachtaí daoine agus ní raibh ceadaíodh ach turais riachtanacha ar feadh an chuid ba mhó den bhliain. Cé go bhfuil seirbhís iomlán tosaithe arís ar fud na tíre, tá tionchar fós ag iarmhairt phaindéime Covid-19 ar an tionscal maidir le hinfhaighteacht soláthraithe seirbhíse agus tiománaithe bus go háirithe.

## Géarchéim na hÚcráine


I mí Aibreáin 2022, leithdháileadh maoiniú chun seirbhísí éigeandála iompair a sholáthar do dhídeanaithe ón Úcráin a cuireadh chuig suíomhanna faoi tuath. Tá roinnt roghanna iompair tugtha isteach ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus Nasc Áitiúil TFI chun rochtain níos fearr ar réimse gníomhaíochtaí agus nasc iompair phoiblí ar aghaidh a éascú agus cuireadh ciste pobail aonuaire ar fáil chun cuidiú le himeascadh na ndaoine nuathagtha isteach i bpobail áitiúla.

Leanann foireann Éire a Nascadh le feabhsuithe seirbhíse a shainaithint a d'fhéadfaí a chur in ord tosaíochta agus a luathú i gcás ina bhfuil gá méadaithe ann mar gheall ar riachtanais na ndídeanaithe ón Úcráin.

# Cás-Staidéir: Bealach 331– Baile Uí Bheacháin > Inis

Mar chuid de chiste éigeandála na hÚcráine, cuireadh dlús le tabhairt isteach bhealach 331 faoin gclár Éire a Nascadh mar gheall ar an líon suntasach de mhuintir na hÚcráine atá lonnaithe i mBaile Uí Bheacháin, i Lios Dúin Bhearna agus in Inis. Tugadh an tseirbhís isteach ar 27/05/22, agus tá an sí á hoibriú faoi láthair ag Nasc Áitiúil ar chonradh gearrthéarmach éigeandála. Ó tugadh isteach bealach 331, rinneadh 25,572 turas paisinéara air le linn 2022.

**Bealach 331: Pátrúnacht Bhaile Uí Bheacháin - >Inse de réir na Seachtaine**



# Cuspóirí an Phlean

**á achoimre déanta thíos ar chuspóirí an Phlean Éire a Nascadh:**

## Eacnamaíoch

- Creat a fhorbairt le haghaidh soláthar agus bainistíocht leanúnach ar líonra iompair phoiblí uile-Éireann atá oiriúnach don fheidhm lasmuigh de na Mórcheantair Uirbeacha.
- Seirbhísí iompair a sholáthar a bheidh tairbhiúil ón taobh sóisialta ach nach mbeidh inmharthana ó thaobh airgeadais de.

## Forbairt Líonra

- Córas monatóireachta agus meastóireachta a chur chun feidhme lena chinntiú go bhfreagróidh an líonra iompair phoiblí d'athruithe ar an éileamh ar iompar le himeacht ama.

## Sóisialta

- Cuidiú le díothacht iompair a laghdú, go háirithe i gceantair thuaithe in Éirinn.
- Cur le laghdú ar iargúltacht na tuaithe agus cothromas sóisialta a chur chun cinn trí rogha eile a sholáthar seachas an carr príobháideach le haghaidh turais shóisialta.
- Tacú le beartas poiblí maidir le geilleagar na hoíche a fhorbairt.

## Inrochtaineacht

Rochtain fheabhsaithe ar shiopaí, ar sheirbhísí, ar dheiseanna fostaíochta agus oideachais a sholáthar do gach duine i ngach pobal in Éirinn ar leibhéal a oireann do mhéid an phobail agus a bheidh i gcomhréir leis an mbeartas pleanála náisiúnta. Go háirithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Spleáchas ar an gcarr a laghdú.
- Inrochtaineacht níos mó daoine ar níos mó áiteanna a mhéadú.

- Leibhéil nascachta a sholáthar a bheidh oiriúnach do scála agus d'fheidhm na lonnaíochtaí.
- Roghanna iompair inacmhainne a sholáthar.

## Comhtháthú

- Feabhas a chur ar chomhtháthú spásúil agus ama an líonra iompair chun tuilleadh deiseanna a sholáthar d'idirmhalartú bus agus iarnróid agus ar an dóigh sin cur le réimse agus éagsúlacht na gceann scríbe atá inrochtana laistigh d'aga taistil réasúnta.
- An líonra iompair tuaithe a ailíniú leis an mbeartas straitéiseach agus na príomhaidhmeanna arna sainiú sa bheartas ábhartha a bhaint amach.

## Nascacht Réigiúnach

- Feabhas a chur ar an nascacht réigiúnach (go háirithe i gceantair nach ndéantar freastal ceart orthu faoi láthair) trí fheabhsuithe ar an líonra iompair phoiblí.

## Frithchothromaíocht

- Feabhas a chur ar iomaíochas príomhbhailte, lárionad réigiúnach agus cathracha lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus tacú le forbairt tuaithe, trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí iompair phoiblí.

## Comhshaol

- Úsáid roghanna iompair inbhuanaithe a spreagadh.
- Rogha inmharthana seachas an carr príobháideach a sholáthar agus mar sin aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe a spreagadh.
- Cur leis an méid a chuireann earnáil an iompair le feabhsú an athraithe aeráide trí úsáid as an gcarr príobháideach le haghaidh soghluaisteachta a laghdú.


# An Líonra Tuaithe agus Idiruirbeach Líonra

Tá sé mar aidhm leis an bPlean Éire a Nascadh díriú ar fheabhsuithe laistigh den líonra tuaithe agus idiruirbeach. Is ionann an líonra tuaithe agus idiruirbeach agus an bonneagar iompair agus do na seirbhísí a nascann ceantair thuaithe agus uirbeacha. Áirítear leis an líonra tuaithe seirbhísí iompair a nascann bailte agus sráidbhailte beaga le cathracha agus bailte móra, agus cuimsítear sa líonra idiruirbeach seirbhísí a nascann bailte agus cathracha lena chéile.

Le linn phróiseas scóipeála Éire a Nascadh, sainíodh lonnaíochtaí tuaithe a bhí le measúnú don Phlean Éire a Nascadh mar lonnaíochtaí ina raibh 50 áit chónaithe áitithe ar a laghad, ag a raibh achar uasta 100 méadar idir aon áit chónaithe agus an foirgneamh is gaire di, agus i gcás ina raibh fianaise ann go raibh ionad uirbeach (siopa, scoil etc).

Mar thoradh air sin, tá sé mar aidhm leis an bPlean feabhas a chur ar bhealaí réigiúnacha bus trí sheirbhísí a sholáthar ar bhonn níos minice agus trí naisc níos fearr a chinntiú idir bailte agus cathracha. Chomh maith leis sin, feabhsófar bealaí áitiúla bus chun naisc níos fearr a sholáthar idir bailte agus sráidbhailte agus chun comhtháthú níos fearr a sholáthar le seirbhísí eile bus agus iarnróid. Déanfar sceidil na modhanna iompair éagsúla a athbhreithniú agus a chomhtháthú ionas go mbeidh aistrithe níos éasca don úsáideoir. Cuirfear roghanna neamhghnásúla amhail iompar poiblí ó dhoras go doras ar fáil chun freastal ar cheantair nach shroicheann feabhsuithe eile iad. Léirítear i bhFíor 1 ar an gcéad leathanach eile líonra iompair atá beartaithe ag Éire a Nascadh.






**Fíor 1: Líonra Beartaithe Iompair Éire a Nascadh**

Léirítear sa léarscáil seo rún ÚNI ón lá inniu amach, ach is dócha go n-athrófar é chun freagairt do chúinsí a athróidh de réir mar a bheidh an Plean ag forbairt.

# Achoimre ar Céim 1 Seirbhísí Nua agus Feabhsaithe

Mar chuid de chur chun feidhme Chéim 1, i ndiaidh comhairliúchán fairsing agus mionphleanáil i R1, cuireadh 38 seirbhís athbhreithnithe chun feidhme in 2022. Ba éard a bhí i gceist leis sin ná 13 sheirbhís nua, 16 fheabhas ar amchlár agus 9 síneadh bealaigh a chuimsigh feabhsuithe ar amchláir. Soláthraíodh na seirbhísí trí mheascán de Sheirbhísí Tuaithe Rialta (STR) an Naisc Áitiúil TFI agus Bhus Éireann, agus cuireadh an chéad cheann acu chun feidhme i R2. Tá siadsan leagtha amach thíos:

## Cur chun Feidhme i R2

I R2, sholáthair Nasc Áitiúil TFI i gcomhar le ÚNI 1 sheirbhís nua agus 4 sheirbhís fheabhsaithe mar a leanas:

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin** | 11/04/2022 | 176 | An Cabhán - Muineachán | • Seirbhís fheabhsaithe Á reáchtáil anois ar bhonn laethúil le minicíocht mhéadaithe ó Luan go Satharn.<br>• Seirbhís rialta nua Dé Domhnaigh agus Saoire Bainc.<br>• Minicíocht mhéadaithe chuig Ospidéal Ginearálta an Chabháin. |
| **Nasc Áitiúil TFI Lú, na Mí agus Fhine Gall** | 23/05/2022 | 195 | Cill Dhéagláin - Baile Brigín | • Enhanced service - Now operates 7 days a week.<br>• New regular Sunday & Bank Holiday service. |
| **Nasc Áitiúil TFI Luimnigh - an Chláir** | 27/05/2022 | 331 | Baile Uí Bheacháin - Inis | • Seirbhís fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Seirbhís rialta nua Dé Domhnaigh agus Saoire Bainc. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Uíbh Fhailí - Laoise** | 01/06/2022 | 840 | Beannchar - An Tulach Mhór | • Seirbhís Fheabhsaithe agus Mhéadaithe - Leathnaithe sa dá threo ó Bheannchar go Tulach Mhór.<br>• Ag reáchtáil anois 5 huaire in aghaidh na seachtaine agus 4 huaire ar an Satharn agus ar an Domhnach.<br>• Soláthraítear nasc nua le hOspidéal Thulach Mhór. |
| **Nasc Áitiúil TFI Mhaigh Eo** | 13/06/2022 | 978 | Béal an Mhuirthead - Caisleán an Bharraigh | • Seirbhís fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Seirbhís rialta nua ar an Domhnach agus ar Laethanta Saoire Bainc.<br>• Ag reáchtáil anois 3 huaire sa lá le seirbhís nua meáin lae agus le linn na mbuaicthréimhsí.<br>• Ag freastal anois ar Bheannchar-Iorras & Baile Chruaich. |

Tábla 1: Ráithe 2 Achoimre ar Chur chun Feidhme Éire a Nascadh



# Cur chun Feidhme i R3

I R3, sholáthair Nasc Áitiúil TFI i gcomhar le ÚNI 1 seirbhís nua agus 7 seirbhís fheabhsaithe mar a leanas:

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Luimnigh - an Chláir** | 01/09/2022 | 339 | Ceann Léim - Cill Rois | • Seirbhís fheabhsaithe - Feabhsú ar sceideal an Gheimhridh. Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Seirbhís rialta nua Dé Domhnaigh agus Saoire Bainc.<br>• Freastalaítear ar riachtanais dídeanaithe ón Úcráin sa Chlár Thiar. |
| **Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma** | 12/09/2022 | 264 | Béal Átha Seanaidh - Leitir Ceanainn | • Seirbhís bhuaic-ama nua ar maidin agus tráthnóna.<br>• Cuireadh dlús leis an mbealach seo a thabhairt isteach mar gheall ar an líon suntasach Úcránach a tháinig go dtí an ceantar seo.<br>• Soláthraítear naisc nua le linn na mbuaicthréimhsí do chomaitéirí agus do mhic léinn an choláiste. |
| **Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma** | 12/09/2022 | 572 | Sligeach - Béal an Átha Mhóir | • Seirbhís fheabhsaithe - Seirbhís nua luath ar maidin le toilleadh méadaithe.<br>• Cuireadh dlús leis an mbealach seo a thabhairt isteach mar gheall ar mhéadú ar an éileamh i gceantar Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma agus mar gheall ar an líon suntasach Úcránach a tháinig go dtí an ceantar seo chomh maith. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma** | 12/09/2022 | 953 | An Caisleán Nua - Leitir Ceanainn | • Seirbhís Fheabhsaithe agus Shínte - Síneadh an tseirbhís go dtí an Caisleán Nua.<br>• Tá sí á reáchtáil anois 3 huaire sa lá, 7 lá sa tseachtain.<br>• Soláthraítear seirbhís nua buaic-uaireanta do chomaitéirí isteach i Leitir Ceanainn ar maidin agus tráthnóna. |
| **Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma** | 12/09/2022 | 977 | Bealach an Doirín - Sligeach | • Seirbhís Fheabhsaithe - Cuireadh tús le seirbhísí breise sa Chaisleán Riabhach.<br>• Cuireadh dlús leis an mbealach seo a thabhairt isteach mar gheall ar an líon suntasach Úcránach a tháinig go dtí an ceantar seo.<br>• Leathnaíodh seirbhísí luath ar maidin agus níos déanaí tráthnóna. |
| **Nasc Áitiúil TFI Chill Dara/ Bhaile Átha Cliath Theas** | 19/09/2022 | 880 | Athruithe ar amchlár an Náis - Cheatharlach | • Seirbhís fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Reáchtáiltear 4 sheirbhís fillte anois ó Luan go Déardaoin, 6 sheirbhís fillte ó Aoine go Satharn & 3 sheirbhís fillte ar an Domhnach.<br>• Tá an tseirbhís ar bhealach eile chun freastal ar an Fhorrach Mhór agus ar Bhaile an Chalbhaigh. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Loch Garman** | 24/09/2022 | 368 | Inis Córthaidh - Ros Mhic Thriúin (trí Chluain an Róistigh) | • Seirbhís fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Tá an tseirbhís á reáchtáil anois 5 huaire sa lá ó Luan - Satharn & 4 huaire sa lá ar an Domhnach. |
| **Nasc Áitiúil TFI Loch Garman** | 24/09/2022 | 369 | An Tulach - Bun Clóidí - Inis Córthaidh | • Seirbhís fheabhsaith - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Tá an tseirbhís á reáchtáil anois 6 huaire sa lá ó Luan - Satharn & 4 huaire sa lá ar an Domhnach.<br>• Leathnaítear an tseirbhís go dtí an Tulach 2 uair sa lá ó Luan go Satharn & uair sa lá ar an Domhnach. |

Tábla 2: Ráithe 3 Achoimre ar Chur chun Feidhme Éire a Nascadh



# Cur chun Feidhme i R4

I R4, sholáthair Nasc Áitiúil TFI agus Bus Éireann i gcomhar le ÚNI 11 seirbhís nua agus 14 sheirbhís fheabhsaithe mar a leanas:

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI na Gaillimhe** | 03/10/2022 | 431 | An Ceathrú Rua - Casla - Baile an Róba - Clár Chlainne Mhuirís | • Seirbhís nua - Tá sí á reáchtáil anois 4 huaire sa lá, 7 lá sa tseachtain.<br>• Cruthaítear nasc nua idir Casla agus Clár Chlainne Mhuiris. |
| **Nasc Áitiúil TFI Luimnigh - an Chláir** | 03/10/2022 | 595 | Tairbeart - Cromadh | • Seirbhís nua - Tá sí á reáchtáil anois 3 huaire sa lá, 7 lá sa tseachtain.<br>• Cruthaítear seirbhís nua idir Tairbeart agus Cromadh.<br>• Nascacht fheabhsaithe le hOspidéal Ortaipéideach Réigiúnach an Mheán-Iarthair.<br>• Seirbhís nua le linn na mbuaicthréimhsí do chomaitéirí chuig an gCaisleán Nua. |
| **Nasc Áitiúil TFI Chill Dara/Bhaile Átha Cliath Theas** | 17/10/2022 | 821 | An Droichead Nua - An Nás trí Fhiodh Alúine | • Seirbhís fheabhsaithe - Reáchtáiltear 6 sheirbhís sa lá ó Luan go Satharn agus 3 sheirbhís ar an Domhnach.<br>• Á reáchtáil anois suas go meán oíche Dé hAoine agus Dé Sathairn.<br>• Ag freastal ar Caragh anois. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Uíbh Fhailí - Laoise** | 20/10/2022 | 823 | Biorra - Port Laoise | • Seirbhís nua - Á reáchtáil 5 huaire sa lá ó Luan go Satharn & 4 huaire sa lá ar an Domhnach.<br>• Soláthraítear naisc réigiúnacha bus & iarnróid i bPort Laoise, Móinteach Mílic agus Biorra.<br>• Soláthraítear seirbhís nua le linn na buaicthréimhsí go Biorra agus seirbhísí luatha/déanacha.<br>• go Port Laoise do chomaitéirí a nascann le Baile Átha Cliath. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 167 | An Muileann gCearr - Ceanannas - Baile Átha Fhirdhia - Dún Dealgan | • Seirbhís shínte - síneadh nua ó Bhaile Átha Fhirdhia go dtí an Muileann gCearr gach 3 huaire.<br>• Feabhsú seirbhíse idir Baile Átha Fhirdhia agus Dún Dealgan (gach Uair).<br>• Ag freastal anois ar Dhroichead Chearbhalláin. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 190 | Síneadh Bhaile Átha Luain - Dhroichead Átha | • Seirbhís shínte - síneadh nua ó Bhaile Átha Fhirdhia go dtí an Muileann gCearr gach 2 huaire. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 314 | Luimneach - Baile an Bhuinneánaigh trí Fhaing | • Seirbhís fheabhsaithe - Á reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Mhéadaigh na leibhéil seirbhíse go 104 turas in aghaidh na seachtaine.<br>• Ag freastal anois ar Thairbeart, Lios Tuathail, Lios Eiltín go Baile an Bhuinneánaigh. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 320 | An Ráth - Luimneach | • Seirbhís shínte - 35 turas in aghaidh an lae i ngach treo.<br>• Ag freastal anois ar an Ráth. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 328 | Luimneach - Baile an Mhistéalaigh | • Seirbhís fheabhsaithe.<br>• Feabhsuithe suntasacha ar naisc. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 332 | Luimneach - An Caiseal | • Seirbhís Shínte agus Fheabhsaithe - Ag freastal ar Chaiseal anois.<br>• Mhéadaigh na leibhéil seirbhíse go 84 turas in aghaidh na seachtaine. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 345 | An Scairbh - Luimneach | • Seirbhís Fheabhsaithe.<br>• 5 Thuras fillte Luan - Satharn agus 4 thuras fillte ar an Domhnach. |
| **Bus Éireann** | 23/10/2022 | 466 | Baile Átha Luain - An Longfort - An Cabhán | • Seirbhís Fheabhsaithe - Méadú suntasach ar na leibhéil seirbhíse.<br>• 1 turas in aghaidh an treo 7 lá sa tseachtain roimhe seo agus anois suas le 6 thuras in aghaidh an treo 7 lá sa tseachtain. |
| **Nasc Áitiúil TFI Phort Láirge** | 01/11/2022 | 358 | Trá Mhór - An Dún Mór - An Pasáiste - Port Láirge | • Seirbhís Nua - Reáchtáiltear 4 sheirbhís fillte sa lá, 7 lá sa tseachtain.<br>• Nasctar Cathair Phort Láirge leis an bPasáiste, leis an Dún Mór & leis an Trá Mhór. |
| **Bus Éireann** | 01/11/2022 | 354 | Port Lách - An Dún Mór | • Seirbhís Nua - Reáchtáiltear 7 seirbhís fillte sa lá, 7 lá sa tseachtain. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma** | 07/11/2022 | 981 | Sligeach - Cúil Áine | • Seirbhís Nua - Reáchtáiltear 4 thuras sa lá, 7 lá sa tseachtain chomh maith le seirbhísí breise tráthnóna Dé hAoine agus Dé Sathairn.<br>• Soláthraítear nasc nua chuig OTA Shligigh agus soláthraítear naisc nua iarnróid. |
| **Nasc Áitiúil TFI na Gaillimhe** | 16/11/2022 | 432 | An Clochán - Cloch na Rón – An Cheathrú Rua | • Seirbhís Nua - Reáchtáiltear 3 sheirbhís fillte in aghaidh an lae, 7 lá sa tseachtain.<br>• Cruthaítear nasc nua idir Cloch na Rón agus Casla.<br>• Soláthraítear seirbhís rialta nua idir An Clochán & Casla.<br>• Soláthraítear seirbhís nua le linn na mbuaicthréimhsí a éascaíonn naisc go Gaillimh agus nascacht níos fearr le seirbhísí réigiúnacha bus ó Chasla. |



| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI Cheatharlach-Chill Chainnigh-Chill Mhantáin** | 05/12/2022 | 183 | An tInbhear Mór - Na Solláin | • Seirbhís Fheabhsaithe Tá 4 sheirbhís fillte sa lá á reáchtáil anois, 7 lá sa tseachtain.<br>• Soláthraítear nasc nua Thoir-Thiar do Chill Mhantáin.<br>• An Bealach Bus is airde in Éirinn - 475m trí Bhearna Chill Mhantáin. |
| **Nasc Áitiúil TFI Chorcaí** | 05/12/2022 | 523 | Baile an Mhistéalaigh - Mala | • Seirbhís Nua - Á reáchtáil 7 lá sa tseachtain, agus 4 sheirbhís fillte sa lá Luan go Satharn agus 3 sheirbhís ar an Domhnach<br>• Soláthraítear naisc nua go Cill Dairbhre, |
| **Nasc Áitiúil TFI na Gaillimhe** | 05/12/2022 | 546 | Béal Átha na Sluaighe - An Caisleán Riabhach trí Mhaigh Locha | • Seirbhís Nua - Reáchtáiltear 3 sheirbhís fillte in aghaidh an lae, 7 lá sa tseachtain. |
| **Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin** | 05/12/2022 | M1 | Cnoc an tSalainn - Institiúid Mhuineacháin | • Seirbhís Fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Seirbhís rialta nua Dé Domhnaigh agus Saoire Bainc.<br>• Soláthraítear nasc le Clós Chúil Seannach agus Baile Albánaigh. |
| **Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin** | 05/12/2022 | M2 | Béal Átha Beithe - Institiúid Mhuineacháin | • Seirbhís Fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois.<br>• Seirbhís rialta nua Dé Domhnaigh agus Saoire Bainc. |

| Oibreoir | Dáta Curtha chun feidhme | Bealach Uimhir | Cur Síos | Achoimre |
|---|---|---|---|---|
| **Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin** | 05/12/2022 | M3 | Scairbh na gCaorach - Glasloch - Tigh Thaláin | • Seirbhís Nua - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain.<br>• Seirbhís rialta nua Dé Domhnaigh agus Saoire Bainc.<br>• Soláthraítear nasc le Sráidbhaile an Mhuilinn, Scairbh na gCaorach, Glasloch, Sráidbhaile Thigh Thaláin & Baile Mhuineacháin. |
| **Bus Éireann** | 11/12/2022 | 257 | Maigh Chromtha - Cill Airne trí Shráid an Mhuilinn | • Seirbhís Fheabhsaithe - Cuireadh dlús leis an mbealach seo a thabhairt isteach mar gheall ar an líon suntasach Úcránach a tháinig go dtí an ceantar seo.<br>• Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain anois le seirbhísí méadaithe laethúla idir Cill Áirne/ Sráid an Mhuilinn agus Sráid an Mhuilinn/ Maigh Chromtha. |
| **Nasc Áitiúil TFI Chiarraí** | 12/12/2022 | 283 | Na Coirríní - Trá Lí | • Seirbhís Fheabhsaithe - Ag reáchtáil 7 lá sa tseachtain.<br>• Reáchtáiltear 4 sheirbhís fillte ó Luan go Déardaoin, 5 sheirbhís fillte ó Aoine go Satharn & 3 sheirbhís fillte ar an Domhnach. |
| **Nasc Áitiúil TFI Chorcaí** | 12/12/2022 | 522 | An Ráth - Mala | • Seirbhís Nua - Á reáchtáil 7 lá sa tseachtain, agus 4 sheirbhís fillte sa lá.<br>• Luan go Satharn agus 3 sheirbhís fillte ar an Domhnach. |

**Tábla 3: Ráithe 4 Achoimre ar Chur chun Feidhme Éire a Nascadh**

# Cás-Staidéir

## Cás-Staidéir: Bealach 821 – Droichead Nua go dtí an Nás trí Fhiodh Alúine:

Mar chuid den chlár Éire a Nascadh shainaithin an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus Nasc áitiúil TFI Chill Dara-Bhaile Átha Cliath Theas ceantair lena n-áirítear Baile an Mhuilinn, Ailín, Cill Maodhóg, Baile Riobaird, Fiodh Alúine, Coill Dubh, An Chorrchoill agus Caragh, a bhfuil seirbhísí nua bus de dhíth iontu chun nascacht agus soghluaisteacht a fheabhsú do chónaitheoirí atá ina gcónaí sna lonnaíochtaí sin. Sainaithníodh na ceantair sin mar áiteanna nach raibh naisc iompair phoiblí rialta iontu le bailte contae an Náis agus an Droichid Nua agus nach raibh aon iompar poiblí rialta ag freastal ar Caragh. Tugadh faoi deara go gcuirfeadh cur chun feidhme seirbhísí nua bus sna ceantair sin go mór le rochtain ar sheirbhísí agus ar acmhainní riachtanacha do chónaitheoirí atá ina gcónaí sna ceantair sin.




**Dúirt Alan Kerry, Bainisteoir TFI Nasc Áitiúil Chill Dara-Bhaile Átha Cliath Theas,** "tá roghanna suntasacha eile curtha ar fáil leis an tseirbhís nua seachas an spleáchas ar charranna príobháideacha do dhaoine a bhfuil cónaí orthu feadh an bhealaigh. A bhuí leis an amchlár tá nascacht curtha ar fáil le seirbhísí traenach áitiúla chomh maith le traenacha isteach le linn na mbuaicthréimhsí chuig an Nás chun freastal ar riachtanais fostaíochta agus oideachais. Mar gheall ar na sceidil deireadh seachtaine cuireadh deireadh le spleáchas ar charranna do dhaoine ar mian leo rochtain a fháil ar a ngníomhaíochtaí sóisialta. Le Bealach 821 is féidir le daoine anois úsáid a bhaint as iompar poiblí mar chuid dá saol laethúil faoin tuath i gCill Dara".

Ón 17 Deireadh Fómhair, cuireann Bealach 821 nua nascacht agus solúbthacht níos fearr ná riamh ar fáil anois do na pobail sa Droichead Nua, Baile an Mhuilinn, Ailín, Cill Maodhóg, Baile Riobaird, Fiodh Alúine, Coill Dubh, An Chorrchoill, Caragh, An Nás agus Na Solláin. Leis an tseirbhís nua ceanglaítear pobail i dtuaisceart Chill Dara anois lena mbailte contae, an Nás agus an Droichead Nua, chomh maith le seirbhísí réigiúnacha bus agus Stáisiún Traenach na Sollán. Soláthraítear leis an tseirbhís nua anois suas le sé sheirbhís fillte ó Luan go Satharn agus trí sheirbhís fillte ar an Domhnach ag soláthar seirbhís nua le linn na mbuaicthréimhsí do chomaitéirí go dtí an Nás agus seirbhís luath agus dhéanach go dtí Na Solláin do naisc leis an ngréasán iarnróid.

.

## Cad atá ráite ag na paisinéirí



**"Is iontach an scéal é an tSeirbhís nua 821 seo do phaisinéirí feadh an bhealaigh.**

Tá ríméad orm faoin tseirbhís nua seo mar ní hamháin go gcuireann sé seirbhís laethúil ar fáil, ach cuireann sé seirbhís tráthnóna agus deireadh seachtaine ar fáil isteach go dtí An Droichead Nua agus go dtí An Nás freisin chun críocha siopadóireachta agus cúrsaí sóisialta agus leis an nasc go Stáisiún Traenach na Sollán is féidir liom nascadh leis an ngréasán iarnróid.

Bhí mé ag íoc as tacsaithe ó Bhaile Riobaird go dtí an Droichead Nua gach lá, rud a bhí an-chrua orm ó thaobh airgid de. Mar gheall ar sheirbhís an 821 tá deireadh leis an gcostas sin anois agus ba mhór an chabhair dúinn é.

**Is seirbhís iontach í seo agus ceann atá de dhíth go mór"**


## Cás-Staidéir: Bealach 328 – Luimneach go Baile Mhistéala

Mar chuid de chlár Éire a Nascadh, shainaithin an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus Bus Éireann an gá atá leis an éileamh méadaithe ar Bhealach 328. Bhí minicíocht 2 sheirbhís fillte sa lá ag baint leis an tseirbhís mar atá sé faoi láthair ó Luan go hAoine agus seirbhís bhreise amháin go Luimneach agus 2 sheirbhís fillte ar an Satharn. Le soláthar sheirbhís fheabhsaithe 328 soláthraítear nascacht níos fearr ar fud codanna móra de Luimneach Thoir agus de Chorcaigh Thuaidh. Leis an mbealach feabhsaithe nasctar Baile Mhistéala le Luimneach sé huaire sa lá seacht lá sa tseachtain anois. Ina dhiaidh sin is fearr a fhreastalaíonn tseirbhís ar cheantair amhail Ghallbhaile, Baile an Londraigh, Cnoc Loinge san Ospidéal, Baile Hiobaird, Cros Chathair Fhlainn agus Cathair Chinn Lis. Soláthraíonn Bealach 328 seirbhísí le linn na mbuaicthréimhsí ar maidin agus tráthnóna chun cuidiú le cónaitheoirí sna ceantair sin taisteal chuig saoráidí fostaíochta agus rochtain a fháil ar sheirbhísí agus acmhainní riachtanacha.

Ó cuireadh na seirbhísí chun feidhme i mí Dheireadh Fómhair 2022, tháinig méadú faoi thrí ar mhinicíocht Bhealach 328 agus tá méadú os cionn 132% tagtha ar thurais mhíosúla custaiméirí sa tseirbhís agus bhí an treocht sin ag leanúint ar aghaidh agus ag fás i míonna tosaigh 2023. Iompraíodh beagnach 23,798 paisinéir tríd an tseirbhís agus leanann tá 250 ar an meán paisinéir in aghaidh na seachtaine á n-iompar fós.

Tá méadú tagtha ar úsáid na gcustaiméirí thar gach aoisghrúpa go háirithe i measc Aosaigh Óga (18-24 bliain d'aois) mar go soláthraíonn an bealach rochtain ar shaoráidí oideachais 3ú Leibhéal.

**Bealach 328: Luimneach -> Baile Mhistéala - Pátrúnacht Thréimhsiúil 2022**




**Cás-Staidéir: Bealach 328 – Luimneach go Baile Mhistéala**

# Cad atá ráite ag na paisinéirí



**"Is dea-scéala é an Bealach 328 feabhsaithe do gach paisinéir feadh an bhealaigh.**

Mar mhac léinn a bhfuil cónaí orm i gCorcaigh Thuaidh, is féidir liom taisteal go dtí an coláiste gach lá anois, agus leis an réimse leathan busanna amach is féidir liom fós taitneamh a bhaint as gníomhaíochtaí sóisialta an choláiste go hiomlán.

**Tá luach na dtáillí thar a bheith maith d'Aosaigh Óga chomh maith agus is margadh maith iad do mhic léinn a thaistealaíonn ar an mbealach."**

Bus Éireann

# Clúdach agus Comhtháthú

## Clúdach

Go stairiúil, is minic a bhí clúdach agus inrochtaineacht níos lú ag baint leis an iompar poiblí tuaithe in Éirinn ná mar a bhí leis an iompar uirbeach, mar gheall ar mhéideanna daonra níos lú agus achair níos mó idir cinn scríbe. Tá sé mar aidhm leis an bPlean feabhas a chur ar mhéid agus éascaíocht na rochtana ar a bhfreastalaíonn iompar poiblí ar cheantair thuaithe. Taispeántar an léarscáil ar an gcéad leathanach eile na bealaí a cuireadh chun feidhme i gCéim 1 den Phlean.

Laistigh de chur chun feidhme Chéim 1 2022, méadaíodh an clúdach agus an inrochtaineacht ar fud na gceantar tuaithe in Éirinn leis an bPlean Éire a Nascadh.  I measc roinnt buaicphointí inrochtaineachta agus clúdaigh tá;


- Níos mó ná 57 baile agus sráidbhaile nua-cheangailte leis an líonra iompair phoiblí mar thoradh air.
- 10 gceangal nua le saoráidí cúraim sláinte.
- 9 gceangal nua le saoráidí oideachais.
- Tá rochtain ag 254,543 duine i 187 lonnaíocht ar sheirbhísí nua agus feabhsaithe.
- Tá rochtain anois ag 27,136 duine i 54 lonnaíocht, a raibh a seirbhísí iompair phoiblí faoi bhun an íosleibhéil seirbhíse, ar sheirbhís Éire a Nascadh.

## Comhtháthú

Tá sé mar aidhm leis an bPlean feabhas a chur ar chomhordú agus ar naisc seirbhísí éagsúla bus agus iarnróid chun córas iompair éifeachtach gan uaim a sholáthar ar fud cheantair thuaithe na hÉireann.

I gcur chun feidhme Chéim 1 rinneadh:

- 100% de sheirbhísí nua agus feabhsaithe a dhearadh chun naisc a sholáthar le seirbhísí bus réigiúnacha agus áitiúla atá ann cheana.
- Soláthraíonn19 de na seirbhísí nua agus feabhsaithe nasc le seirbhísí iarnróid atá ann cheana féin.




Fíor 2: Éire a Nascadh Céim 1 Léarscáil na mBealaí Forfheidhmithe

# Éachtaí Chéim 1

Ó cuireadh Céim 1 i bhfeidhm i mí Eanáir 2022, d'éirigh leis an gclár 38 seirbhís bus nua agus fheabhsaithe a chur ar fáil ar fud na tíre. Agus na seirbhísí seo tugtha isteach, tá nascacht níos mó ann anois, go háirithe do dhaoine ina gcónaí lasmuigh de chathracha agus bailte móra. Is é an toradh atá ar gach bealach a nascadh le gréasán níos leithne bus agus iarnróid de chuid TFI ná go bhfuil teacht níos éasca ag pobail áitiúla ar shaoráidí oideachais, fostaíochta agus cúraim sláinte, rud a thacaíonn le saol níos glaine, níos glaise agus níos inbhuanaithe a bheith ag gach duine amach anseo.

**254,543** Tá teacht ag duine ar sheirbhísí bus nua agus fheabhsaithe anois

**342,607** Rinneadh turas paisinéara ar 38 seirbhís nua agus fheabhsaithe

**53,275** Rinneadh turas paisinéara ar 13 sheirbhís nua

**93%** Méadú ar an éileamh ar na seirbhísí feabhsaithe

**289,331** Tharla turas paisinéara ar na 25 sheirbhís fheabhsaithe.

**85%** Thaisteal níos mó paisinéirí ar sheirbhísí feabhsaithe in 2022 i gcomparáid le 2019

**19** Soláthraíonn19 de na seirbhísí nua agus feabhsaithe nasc le seirbhísí iarnróid atá ann cheana féin

Cuireadh 10 nasc bua ar bun le hospidéil


Thar 100,000 Cuireadh os cionn ciliméadar leis an nGréasán Iompair Phoiblí.

Nascamar le os cionn **50** baile agus sráidbhaile nua

Cuireadh 9 nasc Ardoideachais ar bun le coláistí

# Aistriú Modha

Is é cuspóir foriomlán ÚNI aistriú modha úsáide an phobail ón gcarr go dtí modhanna níos inbhuanaithe lena n-áirítear an bus a éascú. Déantar é sin go minic chun an brú tráchta a laghdú, cáilíocht an aeir a fheabhsú, agus chun cineálacha iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Rinne ÚNI taighde margaidh chun a fháil amach an ndearnadh aistriú córa iompair chuig busanna i ndiaidh thabhairt isteach na seirbhísí bus nua agus feabhsaithe faoi Éire a Nascadh. Dúirt daichead a ceathair faoin gcéad d'úsáideoirí gur úsáid siad carr mar phaisinéir agus dúirt 9% d'úsáideoirí gur thiomáin siad a gcarr féin sular úsáid siad seirbhís bus Nasc Áitiúil TFI




# Pátrúnacht

Ciallaíonn pátrúnacht maidir le hiompar poiblí an líon daoine a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí. Is táscaire tábhachtach é maidir le feidhmíocht agus úsáid iompair phoiblí, mar go soláthraítear léargas léi ar an éileamh ar sheirbhísí iompair phoiblí agus ar an leibhéal seirbhíse a theastaíonn. Is féidir í a úsáid freisin mar athróg ionadach chun tionchar an iompair phoiblí ar leas eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil an réigiúin a thomhas. Anseo istigh, tagraíonn pátrúnacht do thurais paisinéirí a úsáidtear ar bhealaí Éire a Nascadh mar a thuairiscigh na hoibreoirí ábhartha.

## Pátrúnacht an Líonra

Déantar achoimre i bhFíor 3 thíos ar iomlán na dturas paisinéirí a iompraíodh ar sheirbhísí iompair cóiste Nasc Áitiúil agus Bhus Éireann ó 2019 go 2022. In 2019, taifeadadh 7,232,782 turas paisinéirí san iomlán thar Sheirbhísí Réigiúnacha Tuaithe an Naisc Áitiúil (STR) agus Iompar Cóiste Réigiúnach i gcomparáid le 7,853,389 in 2022.

**Pátrúnacht Iomlán STR Nasc Áitiúil & Bhus Éireann Iompar Cóiste Réigiúnach 2019-2022**




**Fíor 3: Pátrúnacht Iomlán STR Nasc Áitiúil & Bhus Éireann Iompar Cóiste Réigiúnach 2019-2022**


Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar na leibhéil phátrúnachta ó Thréimhse 3[2] (P3) 2020 ar aghaidh de réir mar a tugadh bearta sláinte poiblí isteach. Áiríodh leis na bearta seo an cumas iompair phoiblí a laghdú chomh híseal le 25% agus mar thoradh air sin, áitíodh ar an bpobal gan iompar poiblí a úsáid ach faoi choinne turais riachtanacha amháin.

2 Tagraíonn tréimhsí 1-13 do na tréimhsí tuairiscithe laistigh de bhliain féilire arna n-úsáid laistigh de ÚNI agus ag oibreoirí ina dtuairiscítear ioncam agus figiúirí maidir le turais phaisinéirí.

I bhFíoracha 4 & 5 thíos léirítear an mheánphátrúnacht rollach maidir le hIompar cóiste Réigiúnach STR Nasc Áitiúil & Bhus Éireann. Tháinig méadú 124% ar STR Nasc Áitiúil i T13 2022 i gcomparáid le T13 2019.




**Pátrúnacht STR an Naisc Áitiúil (Meán Rollach)**




**Fíor 4: Iomlán Phátrúnacht STR Nasc Áitiúil (Meán Rollach)**

Lean seirbhísí Iompair Cóiste Réigiúnacha ag fás le linn 2022, ag dul thar na leibhéil roimh COVID (2019) i T7 2022.

**Pátrúnacht Iompar Cóiste Réigiúnach BÉ (Meán Rollach)**





Fíor 5: Iomlán Pátrúnacht Iompar Cóiste Réigiúnach Bhus Éireann (Meán Rollach)



Cé gur cuireadh tús leis an bPlean Éire a Nascadh in 2022, chun críche na tuarascála seo agus chun comparáid a dhéanamh, tagraíonn na figiúirí pátrúnachta de chuid Éire a Nascadh ó 2019 go 2021 do na turais paisinéirí a rinneadh bhealaí Naisc Áitiúil nó ar bhealaí Bhus Éireann a d'fheabhsófaí/sínfí níos déanaí faoi Chéim 1 den Phlean Éire a Nascadh.

Rinneadh 760,534 turas paisinéara ar sheirbhísí Éire a Nascadh in 2022, lena n-áirítear pátrúnacht ar bhealaí nua agus lena n-áirítear pátrúnacht ar bhealaí sular tugadh isteach feabhsuithe/síntí. Is ionann é seo agus méadú 21% i gcomparáid leis na figiúirí pátrúnachta in 2019 agus méadú 47% i gcomparáid leis na figiúirí pátrúnachta in 2021.


**Iomlán Phátrúnacht Éire a Nascadh 2019-2022**




**Fíor 6: Iomlán Phátrúnacht Éire a Nascadh Chéim 1 2019-2022**

Sháraigh gach bealach de chuid Éire a Nascadh na leibhéil roimh COVID (2019) amhail ó T5 2022. Lean turais phaisinéirí ag ardú le linn 2022, agus taispeántar i bhfíor 7 méadú 74% ar mheán rollach na dturas paisinéirí ó 2019 amhail ó Thréimhse 2013 in 2022.

**Iomlán Phátrúnacht Éire a Nascadh Chéim 1 (Meán Rollach)**





**Fíor 7: Iomlán Phátrúnacht Bealaí Éire a Nascadh Chéim 1 (Meán Rollach)**

# Cur chun Feidhme 2022

Tugadh faoi 342,607 turas paisinéara ar an iomlán ar bhealaí Éire a Nascadh arna dtomhas ón dáta ar tugadh isteach/ar feabhsaíodh iad in 2022. Léirítear i bhFíor 8 thíos an deighilt paisinéirí thar gach cineál feabhais ar bhain 16% de le bealaí nua, 39% de le bealaí feabhsaithe agus 45% de le bealaí ar cuireadh síntí agus feabhsuithe orthu d'iomlán na dturas paisinéirí a rinneadh in 2022.

**Iomlán Phátrúnacht Bhealaí Céim 1 de réir Feabhais 2022**





**Fíor 8: Iomlán na Pátrúnachta ar Bhealaí Chéim 1 de réir an Chineáil Feabhais**

Léirítear i bhFíor 9 ar an gcéad leathanach eile an phátrúnacht ar an meán[3] rollach ó 2019 go 2022. Tháinig méadú 62% idir 2019 agus 2022 ar bhealaí ar cuireadh feabhsuithe amchláir orthu faoi Éire a Nascadh. Tá laghdú 7% ar an iomlán ar bhealaí a síneadh agus a feabhsaíodh ó 2019 go 2022, ach ina ainneoin sin, tháinig méadú 15% ar thréimhsí 11-13 i gcomparáid leis na tréimhsí céanna in 2019.



3 Is éard is meán rollach maidir le pátrúnacht iompair phoiblí ann ná meánlíon na ndaoine a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí thar thréimhse ama. Soláthraítear leis an meán rollach léiriú ar leibhéal úsáide agus feidhmíochta an iompair phoiblí thar an tréimhse áirithe agus is féidir é a úsáid freisin chun athruithe ar úsáid le himeacht ama a rianú.


**Pátrúnacht Thréimhsiúil Chur Chun Feidhme Chéim 1 de réir Feabhais (Meán Rollach)**




**Fíor 9: Pátrúnacht Thréimhsiúil de réir Feabhais 2019-2022 (Meán Rollach)**

Tháinig méadú faoi dhó ar na paisinéirí ar bhealaí Éire a Nascadh in 2022 ó thús go deireadh na bliana, méadú 129% ó T1 go T13.


**Pátrúnacht Chur chun Feidhme Chéim 1 de réir na Tréimhse (Meán Rollach)**




**Fíor 10: Pátrúnacht Thréimhsiúil Chéim 1 de réir an Chineáil Feabhais 2022**

# Treocht an Mhargaidh

Tá méadú 112% ar bhealaí Éire a Nascadh ó T1 2019 i gcomparáid le 20% ar gach Bealach Bus OSP.  Tá méadú suntasach tagtha ar phátrúnacht STR an Naisc Áitiúil ó 2019 - Méadú 259% ó T1 2019 mar a léirítear i bhFíor 11.





**Fíor 11: Athrú Céatadáin de réir Líonra T1 2019 – T13 2022**

In 2022, mar atá leagtha amach i bhfíor12, tháinig méadú 128% ar phátrúnacht bhealaí Éire a Nascadh ó thús na bliana i gcomparáid le 63% ar gach Bealach Bus OSP agus Iompar Cóiste Réigiúnach. Tá méadú 108% tagtha ar phátrúnacht STR Nasc Áitiúil ó thús na bliana. Tá méadú 93% tagtha ar a bpátrúnacht ó thús 2022 ar bhealaí a feabhsaíodh/síneadh faoi Éire a Nascadh.




**Treocht an Mhargaidh maidir le Cur Chun Feidhme Chéim 1 2022**




**Fíor 12: Athrú Céatadáin de réir Líonra T1 2022 – T13 2022**


**Bhealaí Feabhsaithe/Sínte T1 2022 – T13 2022**




**Fíor 13: Athrú Céatadáin ar Bhealaí Feabhsaithe/Sínte T1 2022 – T13 2022**


Léirítear i bhFíoracha 14 & 15 an t-athrú céatadáin ar an bpátrúnacht in aghaidh na tréimhse ó 2019 go 2022 do bhealaí iomlána de chuid Éire a Nascadh agus bealaí Feabhsaithe / Sínte. Tháinig laghdú ar na tréimhsí 1-4 in 2022 i gcomparáid leis na tréimhsí céanna in 2019. Mar sin féin, de réir mar a rolladh chur chun feidhme Chéim 1 amach, tháinig méadú suntasach ar an bpátrúnacht a raibh méadú 74% i gceist leis ar bhealaí uile Éire a Nascadh i T13 agus méadú 47% ar bhealaí Feabhsaithe / Sínte.

**Phátrúnacht Thréimhsiúil ar bhealaí iomlána Éire a Nascadh 2019 i gcomparáid le 2022**




**Fíor 14: Athrú céatadán ar Phátrúnacht Thréimhsiúil ó 2019 i gcomparáid le 2022**

**Athrú céatadáin ar Phátrúnacht Thréimhsiúil ar Bhealaí Feabhsaithe/Sínte Éire a Nascadh 2019 i gcomparáid le 2022**




**Fíor 15: Athrú céatadáin ar Phátrúnacht Thréimhsiúil ar Bhealaí Feabhsaithe/Sínte Éire a Nascadh 2019 i gcomparáid le 2022**

# Ciliméadair Feithicle

Is éard is ciliméadar feithicle (VKM) ann ná méadrach a úsáidtear i dtionscal an iompair phoiblí chun an t-achar iomlán a thaistealaíonn feithiclí i dtréimhse áirithe ama a thomhas. Ríomhtar é trí líon na bhfeithiclí atá i seirbhís a mhéadú faoin achar iomlán a thaistil gach feithicil le linn na tréimhse lena mbaineann. Bealach maith is ea monatóireacht a dhéanamh ar an athrú ar chiliméadair feithicle le himeacht ama chun an t-athrú ar sholáthar seirbhísí iompair phoiblí a léiriú.

I gCéim 1, cuireadh thart ar 110,800 KM Feithicle in aghaidh na seachtaine leis trí sheirbhísí nua agus feabhsaithe.  Cuimsíodh leis sin thart ar:

- 36,700 le haghaidh seirbhísí nua;
- 19,600 do bhealaí ar a gcuireadh feabhsuithe amchláir; agus
- 54,600 ar bhealaí inar feabhsaíodh an t-amchlár agus inar síneadh an bealach.

Léirítear i dTábla 4 thíos an miondealú de réir bhealach chiliméadair mhéadaithe na feithicle in aghaidh na seachtaine trí chur chun feidhme chéim 1:

| Bealach Uimhir | Oibreoir | Cur Síos | VKM méadaithe |
|---|---|---|---|
| **176** | Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin | An Cabhán - Muineachán | 900 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **195** | Nasc Áitiúil TFI Lú, na Mí agus Fhine Gall | Cill Dhéagláin - Baile Brigín | 215 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **331** | Nasc Áitiúil TFI Luimnigh - an Chláir | Baile Uí Bheacháin - Inis | 1,600 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **840** | Nasc Áitiúil TFI Uíbh Fhailí - Laoise | Beannchar - An Tulach Mhór | 3,400 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **978** | Nasc Áitiúil TFI Mhaigh Eo | Béal an Mhuirthead - Caisleán an Bharraigh | 3,500 km feithicle in aghaidh na seachtaine |

| Bealach Uimhir | Oibreoir | Cur Síos | VKM méadaithe |
|---|---|---|---|
| **339** | Nasc Áitiúil TFI Luimnigh - an Chláir | Ceann Léim - Cill Rois | 500 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **264** | Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma | Béal Átha Seanaidh - Leitir Ceanainn | 700 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **572** | Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma | Sligeach - Béal an Átha Mhóir | 1,200 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **953** | Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma | An Caisleán Nua - Leitir Ceanainn | 1,300 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **977** | Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma | Bealach an Doirín - Sligeach | 900 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **880** | Nasc Áitiúil TFI Chill Dara/Bhaile Átha Cliath Theas | Athruithe ar amchlár an Náis - Cheatharlach | 1,253 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **368** | Nasc Áitiúil TFI Loch Garman | Inis Córthaidh - Ros Mhic Thriúin (trí Chluain an Róistigh) | 590 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **369** | Nasc Áitiúil TFI Loch Garman | An Tulach - Bun Clóidí - Inis Córthaidh | |
| **431** | Nasc Áitiúil TFI na Gaillimhe | An Cheathrú Rua - Casla - Baile an Róba - Clár Chlainne Mhuirís | 4,900 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **595** | Nasc Áitiúil TFI Luimnigh - an Chláir | Tairbeart - Cromadh | 3,000 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **821** | Nasc Áitiúil TFI Chill Dara/Bhaile Átha Cliath Theas | An Droichead Nua - An Nás trí Fhiodh Alúine | 3,900 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **823** | Nasc Áitiúil TFI Uíbh Fhailí - Laoise | Biorra - Port Laoise | 3,800 km feithicle in aghaidh na seachtaine |

| Bealach Uimhir | Oibreoir | Cur Síos | VKM méadaithe |
|---|---|---|---|
| **167** | Bus Éireann | An Muileann gCearr - Ceanannas - Baile Átha Fhirdhia - Dún Dealgan | 7,950 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **190** | Bus Éireann | Síneadh Bhaile Átha Luain - Dhroichead Átha | 15,390 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **314** | Bus Éireann | Luimneach - Baile an Bhuinneánaigh trí Fhaing | 5,055 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **320** | Bus Éireann | An Ráth - Luimneach | 90 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **328** | Bus Éireann | Luimneach - Baile an Mhistéalaigh | 3,422 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **332** | Bus Éireann | Luimneach - An Caiseal | 4,978 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **345** | Bus Éireann | An Scairbh - Luimneach | 2,700 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **466** | Bus Éireann | Baile Átha Luain - An Longfort - An Cabhán | 7,295 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **354** | Bus Éireann | Port Lách - An Dún Mór | 5,600 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **358** | Nasc Áitiúil TFI Phort Láirge | Trá Mhór - An Dún Mór - -An Pasáiste - Port Láirge | |
| **981** | Nasc Áitiúil TFI Dhún na nGall, Shligigh agus Liatroma | Sligeach - Cúil Áine | 700 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **432** | Nasc Áitiúil TFI na Gaillimhe | An Clochán - Cloch na Rón - An Cheathrú Rua | 200 km feithicle in aghaidh na seachtaine |

| Bealach Uimhir | Oibreoir | Cur Síos | VKM méadaithe |
|---|---|---|---|
| **183** | Nasc Áitiúil TFI Cheatharlach-Chill Chainnigh-Chill Mhantáin | An tInbhear Mór - Na Solláin | 6,400 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **523** | Nasc Áitiúil TFI Chorcaí | Baile an Mhistéalaigh - Mala | 1,500 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **546** | Nasc Áitiúil TFI na Gaillimhe | Béal Átha na Sluaighe - An Caisleán Riabhach trí Mhaigh Locha | 2,900 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **M1** | Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin | Cnoc an tSalainn - Institiúid Mhuineacháin | €260 in aghaidh na seachtaine |
| **M2** | Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin | Béal Átha Beithe - Institiúid Mhuineacháin | 310 km in aghaidh na seachtaine |
| **M3** | Nasc Áitiúil TFI an Chabháin - Mhuineacháin | Scairbh na gCaorach - Glasloch - Tigh Thaláin | 1,792 km in aghaidh na seachtaine |
| **257** | Bus Éireann | Maigh Chromtha - Cill Airne trí Shráid an Mhuilinn | 4,400 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **283** | Nasc Áitiúil TFI Chiarraí | Na Coirríní - Trá Lí | 1,400 km feithicle in aghaidh na seachtaine |
| **522** | Nasc Áitiúil TFI Chorcaí | An Ráth - Mala | 2,800 km feithicle in aghaidh na seachtaine |

**Tábla 4: Méadú ar na Ciliméadair Feithicle in aghaidh na Seachtaine ó Chur chun Feidhme Céim 1**




# Sástacht na bPaisinéirí

## Nasc Áitiúil TFI


Fuarthas na príomh-bhuaicphointí thíos sa tuarascáil ar Shástacht Custaiméirí leis an Nasc Áitiúil 2022:

1. Tá an sástacht custaiméirí le Nasc Áitiúil TFI an-ard ag 97%, agus tá 76% díobh an-sásta leis na seirbhísí go léir.
2. Baineann na rátálacha is láidre maidir le glaineacht agus 99% de na custaiméirí sásta ach tá na rátálacha ar fud ard agus 98% díobh sásta leis an leibhéal compoird, 96% díobh sásta le hiontaofacht, 93% díobh sásta leis an leibhéal plódaithe agus 93% díobh sásta le hinfhaighteacht na suíochán.
3. Tá 97% díobh an-sásta nó measartha sásta leis an luach ar airgead agus tá sé sin 10 bpointe céatadáin níos airde ná aon iompar poiblí.
4. Tá 63% díobh ar an eolas faoi na laghduithe ar tháillí agus tá 60% díobh sin ag taisteal níos mó dá bharr sin.
5. Mothaíonn níos mó ná 9 as 10 an-sábháilte ar bord.






Fíor 16: Dearcadh Foriomlán maidir le Nasc Áitiúil TFI





Fíor 17: Príomhchúiseanna le Sástacht agus Míshástacht le Nasc Áitiúil TFI


# Bus Éireann

Fuarthas na príomh-bhuaicphointí thíos i dtuarascáil Bus Éireann ar Shástacht Custaiméirí 2022 ar fud a gcuid seirbhísí go léir:


1. Tá an leibhéal sástachta ard ag 82% agus tá sé ar aon dul le sástacht leis an iompar poiblí ar an iomlán. Tá laghdú tagtha ar an tsástacht i gcomparáid le 2021 (-9% pointe) cé go bhfuil sé fós ar aon dul le leibhéil 2019.
2. Tá scór níos airde ag Bus Éireann maidir le compord agus infhaighteacht suíochán agus tá na scóir is ísle aige maidir le hiontaofacht.
3. Tá sástacht le luach ar airgead an-chosúil leis an sástacht i measc na n-úsáideoirí iompair phoiblí ar fad.
4. Tá 63% de chustaiméirí Bhus Éireann ar an eolas faoin laghdú ar tháillí agus tá sé sin níos ísle i gcomparáid leis na húsáideoirí iompair phoiblí ar fad. Mar sin féin, tá an éifeacht maidir le tionchar a imirt ar thaisteal méadaithe mar an gcéanna.
5. Tá tuairimí faoin tsábháilteacht ard ag gach céim, go háirithe maidir le sábháilteacht ar bord.




**Fíor 18: Dearcadh Foriomlán maidir le Bus Éireann**




Fíor 19: Sástacht le Bus Éireann de réir an cheantair




Fíor 20: Príomhchúiseanna le Sástacht agus Míshástacht le Bus Éireann

# Súil chun Cinn

## Feithicil Leictreach

Bealach atá le teacht is ea Bealach 277 atá le feabhsú faoi Chéim 2 de Éire a Nascadh.  Beidh staidéar píolótach á reáchtáil ag ÚNI i rith na bliana go leith seo chugainn chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht busanna lán-cheallra-leictreacha faoi dhálaí tuaithe leithinis Dhaingean Uí Chúis, agus beidh sé sin ar an gcéad seirbhís bus lán-cheallra-leictreach faoin tuath sa Stát. Beidh dhá bhus 31 suíochán ag teacht isteach don triail in earrach na bliana 2023 agus reáchtálfar iad ar Bhealach Chiarraí 277 Nasc Áitiúil TFI agus ar bhealaí áitiúla eile. Beidh na busanna go hiomlán inrochtana do chathaoireacha rothaí agus beidh taispeáintí ceann scríbe LED iontu. Beidh measúnú á dhéanamh ag ÚNI ar thionchar na ndálaí aimsire agus na stíle tiomána ar fheidhmíocht ceallraí, agus beidh monatóireacht feidhmíochta 24 uair an chloig i bhfeidhm. Le torthaí na trialach cuirfear bonn eolais faoi rolladh amach busanna lán-cheallra-leictreacha ar bhealaí tuaithe sna blianta amach romhainn.  Beidh an triail bunaithe in iosta Bhus Éireann i nDaingean Uí Chúis áit a bhfuil comhpháirtíocht socraithe ag ÚNI idir Bus Éireann agus Nasc Áitiúil TFI chun an clós a uasghrádú agus bonneagar táillí nua a thabhairt isteach.

## Treoirthionscadal um Iompar Cliste ag Freagairt don Éiléamh (DRT).

Le hIompar Cliste ag Freagairt don Éileamh (DRT) is féidir leis an bpaisinéir, trí Aip, a iarraidh i bhfíor-am beagnach go n-atreoróidh bus óna ngnáthbhealach chun iad a bhailiú ag an doras nó ag suíomh oiriúnach in aice láimhe agus iad a thabhairt go dtí suíomh comhaontaithe eile. Is gnách go mbíonn na bealaí Cliste DRT sin ceangailte laistigh de limistéir gheografacha chomhaontaithe agus trí úsáid a bhaint as algartaim fíor-ama déantar na bealaí a choigeartú chun teacht chomh gar agus is féidir do rogha an chustaiméara. Meastar go bhfuil thart 350,000 duine ina gcónaí i gceantair nach n-oireann seirbhísí iompair phoiblí bealaí seasta dóibh.  Is gnách gur ceantair sin an-iargúlta iad na ceantair sin, nach bhfuil mórán daoine ina gcónaí iontu agus b'fhéidir nach bhfuil bóithre iontu a d'fhéadfadh freastal ar sheirbhísí bus.  Soláthraíonn nasc áitiúil TFI os cionn 1,000 seirbhís DRT faoi láthair, lena nasctar ceantair iargúlta le bailte agus sráidbhailte áitiúla. Cuirfidh an tÚdarás treoirsheirbhís chliste DRT chun feidhme mar chuid den chlár Éire a Nascadh. Cumasófar an tseirbhís Chliste DRT le haip agus soláthrófar turais áitiúla agus naisc chomhtháite 'an chéad míle agus an míle deiridh' le seirbhísí bus agus iarnróid bealaí seasta. Táthar ag súil go mbeifear ábalta seirbhís DRT níos cuimsithí agus níos solúbtha a thairiscint laistigh de limistéar mór tuaithe trí áirithint chliste agus teicneolaíocht dáilte agus ródaithe turas.

# Ceachtanna a Foghlaimíodh

Mar chomóradh céad bliain ar sheoladh an Phlean ÚNI Éire a Nascadh a cheiliúradh, tugadh faoi cheardlann ceachtanna a foghlaimíodh de chuid foirne soláthair an 28 Feabhra 2023 chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag rolladh amach tosaigh an phlean soghluaisteachta tuaithe ilbhliantúil sin. Bhí ionadaithe ó ÚNI, Nasc Áitiúil TFI agus Bus Éireann i láthair agus d'oscail Príomhfheidhmeannach ÚNI, Anne Graham, an cheardlann. Bhí sé mar aidhm le Ceardlann Ceachtanna a Foghlaimíodh de chuid Éire a Nascadh measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Phlean sa chéad bhliain dá chur chun feidhme agus an méid a baineadh amach go dtí seo a chur in iúl, na dúshláin a bhí le sárú a shainaithint agus féachaint ar bhealaí le feabhas a chur ar chur chun feidhme Éire a Nascadh amach anseo.

Cuideoidh na haschuir ón gceardlann le cur chun feidhme an phlean soghluaisteachta tuaithe a fheabhsú agus a athrú in 2023 agus ina dhiaidh sin.



# Cur chun feidhme Chéim 2

Léirítear sa tábla thíos an Plean Cur Chun Feidhme do bhealaí Chéim 2 atá le cur i bhfeidhm in 2023;

| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 897 | 897 | Cill Chainnigh – Caisleán an Chomair – Ceatharlach – Baile Átha Í | 01/01/2023 |
| 163 | 188 | Baile Átha Buí - An Uaimh - Damhliag - Droichead Átha | 16/01/2023 |
| 384 | 384 | Inis Córthaidh - An Bhrí - Cill Iúirín - Loch Garman | 13/02/2023 |
| A62 | 887 | Ceatharlach - Muine Bheag - Gráig na Manach - Ros Mhic Thriúin | C1 |
| 236A | 232 | Na hAilichí - Sunda Baoi - Baile Chaisleáin Bhéarra<br><br>- Beanntraí - Cill Chrócháin | C1 |
| B53 | 438 | Tuaim - Áth Cinn - Cor an Dola - Mionlach - Gaillimh | C1 |
| 276 | 276 | Caisleán na Mainge - Abhainn an Scáil - Daingean Uí Chúis | C1 |
| 277 | 277 | Daingean Uí Chúis - Ceann Trá - Baile an Fheirtéaraigh - Dhún Chaoin | C1 |
| 40 | 426 | An Longfort - An Cnocán Buí - Cill na Sí - Béal Átha Liag - Ros Comáin | C1 |
| 978 | 978 | Béal An Mhuirthead - Baingear-Iorras – An Mhala Raithní - Caisleán an Bharraigh | C1 |

| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| A59 | 356 | Dún Garbháin - Baile Mhac Cairbre - Cluain Meala | C1 |
| 387 | 387 | Baile Loch Garman - Trá Ros Láir - Calafort Ros Láir | C1 |
| 272 | 272 | Feabhas ar an mbealach reatha Trá Lí - Lios Tuathail - Baile an Bhuinneánaigh | C2 |
| 279 | 279 | **Síneadh leis an mbealach** Trá Lí - Caisleán na Mainge - Baile an Mhuilinn - Cill Orglan - Cill Airne | C2 |
| 423 | 423 | **Leasú ar an mbealach reatha** Clochán - Leitir Fraic - An Líonán - Cathair na Mart | C2 |
| 139 | 139 | An Nás - Na Solláin - Claonadh - Maigh Nuad - Léim an Bhradáin - Baile Bhlainséir | C2 |
| 166A | 171 | Searcóg - Carraig Mhachaire Rois - Inis Caoin - Dún Dealgan | C2 |
| 547 | 547 | Port Omna - Baile Crosáin - Dún an Uchta - Baile an Iúir - Béal Átha na Sluaighe | C2 |
| 274 | 274 | **Bealach Nua** Tairbeart - Baile an Bhuinneánaigh - Baile Uí Thaidhg - Ard Fhearta - Trá Lí | C2 |
| 280N | 280 | **Bealach Nua** An Coireán – Cathair Saidhbhín – Cill Orglan – Cill Áirne | C2 |
| 280S | 281 | **Bealach Nua** An Coireán – An tSnaidhm – Neidín | C2 |




| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 287A | TBC | **Feabhas ar bhealach reatha Chathair Saidhbhín**<br>An Calaidh - Bhaile an tSéipéil - Bhaile an Ridire | C2 |
| 129 | 129 | **CBO tarraingthe siar a bhí ag feidhmiú mar chonradh éigeandála**<br>Cill Choileáin - Áth Garbháin - An Droichead Nua | C2 |
| 884 | 885 | Na Solláin - An Nás - Baile Coimín - An Baile Mór - Bealach Conglais | C2 |
| 834 | 834 | **Athrú; seirbhísí breise tráthnóna**<br>Ros Cré - Maighean Rátha - Port Laoise | C2 |
| 850 | 850 | Ros Cré - Teampall Mór - Ros Cré - Biorra - Beannchar - An Clochán - Baile Átha Luain | C2 |
| 339 | TBC | Cill Rois - Ceann Léime - Cill Chaoi - Cill Rois | C2 |



| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 547A | 344 | **Bealach Nua**<br>Inis - Cluaine- An Tulach - An Fhiacail - An Scairbh - Baile Uí Bheoláin - An Geata Bán | C2 |
| A81 | 819 | An Muileann gCearr - Baile an Chaisleáin - Geoghegan - Baile Átha Luain | C2 |
| 115D | 189 | An Bóthar Buí - Maigh Dearmhaí - Baile Íomhair - Cill Dealga - Baile Átha Troim - Dún Doire - Baile Roibín - An Uaimh | C2 |
| 454 | 454 | **Bealach Nua**<br>Béal an Átha - Crois Mhaoilíona - An Leathardán - Pontún - Turlach - Caisleán an Bharraigh | C2 |
| 322 | 322 | **Bealach Nua**<br>Port Omna - Tír Dhá Ghlas - Baile an Doire - Droim Inbhir- Baile Uí Chomáin - An tAonach | C2 |

| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 854 | 854 | Feabhas ar an mbealach reatha. Béal Átha Gabhann - An tAonach - Tuaim Mheára - Muine Gall - Cloch Shiurdáin - Suí an Róin- Ros Cré - Baile Uí Bhróithe | C2 |
| 357 | 357 | **Bealach Nua**<br>Eochaill - Clais Mhór - An Eaglais - An Baile Nua - An Teampall Geal - Dún Garbhán | C2 |
| 361 | 361 | **Bealach Nua**<br>Youghal - Ardmore - Dungarvan Eochaill - An tArd Mór - Dún Garbhán | C2 |
| 388 | 388 | **Athrú**<br>Loch Garman - Baile an Bharúnaigh - Muileann Fúca - Droichead Eoin - Dún Chormaic - Baile an Droichid | C2 |
| 243 | 243 | **Feabhas ar an mbealach reatha**<br>Áth Trasna - Ceann Toirc - Mala - Corcaigh | C2 |
| 424 | 424 | Leitir Mealláin - An Ceathrú Rua - Casla - An Spidéal - Bearna - Gaillimh | C2 |
| B1 | 331 | Baile Uí Bheacháin - Lios Dúin Bhearna - Inis Díomáin - Inis | C2 |
| 329 | 329 | **Feabhas ar an mbealach reatha**<br>Luimneach - Baile an Fhaoitigh - An Brú - Cill Mocheallóg - Cill Fhíonáin | C2 |
| 2A | 270 | An Sciobairín - Beanntraí - Neidín - Cill Áirne | C2 |
| 30 | 170 | An Cabhán - Coill an Chollaigh - Dún an Rí - Carraig Mhachaire Rois - Dún Dealgan | C2 |
| 354 | 354 | **Athrú ar bhealach reatha**<br>Charraig na Siúire - Phort Lách - Phort Láirge - Dhún Mór | C2 |

| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 132 | 132 | **Feabhsú ar bhealach reatha**<br>Clóidí - na Tulaí - Bhealach Conglais - Bhaile Coimín - Bhaile Átha Cliath | C3 |
| 233 | TBC | Maigh Chromtha - Áth an Chóiste - An Druipseach – Corcaigh | C3 |
| 333 | 333 | Cill Chaoi - Sráid na Cathrach - Inis Díomáin - Inis | C3 |
| 350 | TBC | **Mionathrú ar bhealach reatha Inse**<br>Inis Díomáin - Lios Dúin Bhearna - na Gaillimhe | C3 |
| 360 | 360 | **Athrú ar an mbealach reatha**<br>Trá Mhór - Port Láirge | C3 |
| 370 | TBC | **Athrú ar bhealach reatha Loch Garman**<br>Dhroichead Eoin - na Gráinsí - Cheann Poill - Ros Mhic Thriúin - Phort Láirge | C3 |
| 440 | TBC | Cathair na Mart - Caisleán an Bharraigh - Béal Átha na Muice - Clár Chlainne Mhuiris - Béal Átha hAmhnais - Ros Comáin - Baile Átha Luain | C3 |
| 108a | TBC | **Síneadh leis an mbealach reatha**<br>Ceanannas - Coill an Chollaigh – Muinchille | C3 |
| 425A | TBC | **Feabhas ar an mbealach reatha Gaillimh**<br>Muine Mheá - An Chealtrach- An Creagán | C3 |
| 187 | TBC | **Bealach Nua**<br>An Cabhán - Ceanannas - Baile Ghib | C3 |



| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 108b | TBC | **Bealach Nua**<br>Muinchille - Searcóg - Coill an Chollaigh - Achadh an Iúir | C3 |
| A74 | TBC | **Bealach Nua**<br>Cluain Eois - Béal Átha Beithe - Baile na Lorgan - An tIúr | C3 |
| 9 | TBC | Mala - Mainistir Fhear Maí - Lios Mór - Dún Garbhán | C3 |
| 572 | TBC | **Bealach Nua**<br>Sligeach - Baile idir Dhá Abhainn - Droim Seanbhó - Béal an Átha Móir - An Cabhán | C3 |

| Togra Aitheantas | Bealach Uimhir | Cur Síos | Scálaí Ama Oibriúcháin Measta* |
|---|---|---|---|
| 954 | TBC | Doire - Carn Domhnach - Cionn Mhálanna | C3 |
| 955 | TBC | Carn Domhnach - Cluain Maine - Droim Fraoigh - Bun Cranncha | C3 |
| 273 | TBC | **Bealach Nua**<br>Cé Bréanainn - Caisleán Ghriaire - Achadh Casla - Cathair Uí Mhóráin - Trá Lí - An Fhianait | C3 |
| 888 | 888 | Baile Átha Í - Ráth Iomgháin - Cill Dara | C3 |
| 822 | TBC | **Bealach Nua**<br>Maighean Rátha - Mainistir Laoise - Ceatharlach | C3 |
| 72 | TBC | Baile Átha Luain - An Clochán - An tAonach - Luimneach | C4 |
| 239 | TBC | Corcaigh - Droichead na Bandan - Baile an Bhuitléaraigh | C4 |
| 323 | TBC | An tAonach - Caisleán Uí Chonaill - Luimneach | C4 |
| 446 | 446 | **Athrú ar an mbealach reatha an**<br>Fhóid Dhuibh - Bheannchair-Iorrais - Chrois Mhaoilíona - Béal an Átha | C4 |
| 237B | TBC | Dún na Séad - An Sciobairín - Bréantrá - Baile an Chaisleáin | C4 |

**Tábla 5: Cur chun feidhme Chéim 2 (Ón 13/02/2023)**

Is dátaí táscacha iad na dátaí cur chun feidhme measta agus d'fhéadfadh siad athrú ar roinnt cúiseanna:

- Fad an phróisis pleanála agus deartha, lena n-áirítear idirchaidreamh leis na hÚdaráis Áitiúla, Oifigí Nasc Áitiúil TFI, ionadaithe, grúpaí stocaireachta, paisinéirí agus soláthraithe seirbhísí iompair chun leibhéil fheabhsaithe seirbhíse a sholáthar mar fhreagra ar fhás agus athruithe ar an éileamh ar iompar;

- Plé le hoibreoirí sa chás go bhfuil seirbhísí ceadúnaithe agus seirbhísí OSP beartaithe le chéile ar an gconair chéanna; agus infhaighteacht na soláthraithe seirbhíse agus na dtiománaithe, go háirithe i bhfianaise thionchair Covid-19 agus tosca maicreacnamaíocha ar an tionscal de bharr na coinbhleachta san Úcráin.

I bhfianaise na timpeallachta atá ag athrú go tapa, tá sé tábhachtach go mbeidh foireann Éire a Nascadh ábalta a bheith sofhreagrúil agus solúbtha maidir leis an bPlean a bhainistiú, ionas gur féidir pleananna eile a chur chun cinn nuair a rachfar i gcion ar an dul chun cinn. Léirítear sa nuashonrú seo rún an Údaráis ón lá inniu amach, ach is dócha go n-athrófar é chun freagairt do chúinsí a bheidh ag athrú.

Connecting Ireland
Rural Mobility Plan

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

**National Transport Authority**
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

**Údarás Náisúnta Iompair**
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Tel: +353 1 879 8300
Fax: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie